Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14830/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0380(NLE)**

**UD 247**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 644 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2278 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2) pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 644 final.

Faoi iamh: COM(2022) 644 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.11.2022
COM(2022) 644 final

2022/0380 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2278 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh a áirithiú i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe nach dtáirgtear cainníocht leordhóthanach díobh san Aontas nó nach dtáirgtear san Aontas in aon chor, agus chun aon suaitheadh sa mhargadh le haghaidh na dtáirgí sin a sheachaint, cuireadh roinnt dleachtanna Comhtharaife Custaim ar fionraí go páirteach nó go hiomlán le Rialachán (AE) Uimh. 2021/2278 ón gComhairle (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta)[1].

Déantar an Rialachán a thabhairt cothrom le dáta gach sé mhí chun freastal ar riachtanais thionscal an Aontais.

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún, le cúnamh ó Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha, ar gach iarraidh ó na Ballstáit ar fhionraíochtaí taraife uathrialaitheacha.

I bhfianaise an athbhreithnithe sin, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le fionraíocht na ndleachtanna i gcás roinnt táirgí nua, ar táirgí iad nach liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán. I ndáil le roinnt táirgí eile, is gá na coinníollacha a mhodhnú i dtaca le tuairisc an táirge, aicmiú an táirge, an dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach agus an dáta forlíontach. Táirgí a bhfuil fionraíocht dleachta ag gabháil leo nach bhfuil chun leas eacnamaíoch an Aontais a thuilleadh, beartaítear iad a aistarraingt.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Níl tionchar ag an togra seo ar thíortha a bhfuil comhaontú um thrádáil fhabhrach acu leis an Aontas ná ar thíortha is iarrthóirí nó ar iarrthóirí ionchasacha i ndáil le comhaontuithe fabhracha leis an Aontas (e.g. Córas Ginearálaithe um Fhabhair; an córas grúp-thrádála san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin; Comhaontuithe Saorthrádála).

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra i gcomhréir le beartais an Aontais i réimse na talmhaíochta, na trádála, na fiontraíochta, an chomhshaoil, na forbartha agus an chaidrimh sheachtraigh.

Is é is aidhm do na bearta maidir le léirscaoileadh trádála atá sa togra seo a áirithiú go gcuirfear comhtharaif chustaim an Aontais ar fionraí go sealadach i gcomhthéacs phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a leagtar amach in Airteagal 21 CAE agus go mbeidh réimsí éagsúla de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, chomh maith lena ghníomhaíocht sheachtrach agus beartais eile de chuid an Aontais, comhsheasmhach le chéile. Is iomchuí, dá bhrí sin, roinnt táirgí de thionscnamh na Rúise agus na Bealarúise a eisiamh ón laghdú taraife, chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na bearta sriantacha a rinne an tAontas i gcoinne na dtíortha sin i ndiaidh don Rúis ionsaí a dhéanamh ar an Úcráin. Mar sin féin, chun soláthar iomchuí a áirithiú agus suaitheadh tromchúiseach i roinnt margaí de chuid an Aontais

---

[1] IO L 466, 29.12.2021, lch. 1

a sheachaint, is gá fionraí dhleachtanna na Comhtharaife Custaim a choinneáil i gcás táirgí áirithe de thionscnamh na Bealarúise agus na Rúise.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Mar a shonraítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha, tá na bearta atá beartaithe i gcomhréir leis na prionsabail maidir le nósanna imeachta a shimpliú le haghaidh oibreoirí atá i mbun trádáil eachtrach[2]. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a shaothraítear a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

- **An rogha ionstraime**

De bhua Airteagal 31 de CFAE, 'Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, dleachtanna na Comhtharaife Custaim a shocrú'. Dá bhrí sin, Rialachán ón gComhairle an ionstraim iomchuí sa chás seo.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Bhí scéim na bhfionraíochtaí uathrialaitheacha faoi réir staidéar meastóireachta a rinneadh in 2013. Ba é ba chonclúid don mheastóireacht go bhfuil an bhunréasúnaíocht atá ann i leith na scéime fós bailí. An coigilteas costais le haghaidh ghnólachtaí an Aontais a allmhairíonn earraí faoin scéim, d'fhéadfadh sé a bheith mór. Ar an mbonn céanna, d'fhéadfadh tairbhí níos ginearálta a bheith leis na coigiltis sin, de réir an táirge, na cuideachta agus na hearnála, amhail borradh a chur faoin iomaíochas, modhanna táirgthe a dhéanamh níos éifeachtúla agus poist a chruthú nó a choimeád san Aontas. Is féidir teacht ar na mionsonraí maidir leis na coigiltis a thagann ón rialachán seo sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis seo.

---

[2] IO C 363, 13.12.2011, lch. 6

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha, grúpa atá comhdhéanta d'ionadaithe ó gach Ballstát agus ón Tuirc, thug sé cúnamh don Choimisiún chun an togra seo a mheas

Rinne Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha scrúdú cúramach ar gach cás chun a áirithiú nach mbeadh aon dochar á dhéanamh d'fhiontair an Aontais agus go mbeadh iomaíochas táirgthe an Aontais á neartú agus á dhaingniú mar gheall air. Is trí bhíthin plé a rinne baill Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha an measúnú agus chuaigh na Ballstáit, dá réir, i gcomhairle leis na tionscail, leis na comhlachais, leis na comhlachais tráchtála agus leis na páirtithe leasmhara rannpháirteacha eile lena mbaineann.

Comhfhreagraíonn na fionraíochtaí uile a liostaítear do chomhaontuithe nó do chomhréitigh a baineadh amach le linn phléití Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha. Níor sainaithníodh aon riosca tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith ann a mbeadh iarmhairtí do-athraithe aige.

- **Measúnú tionchair**

Is leasú de chineál teicniúil amháin é an leasú atá beartaithe, agus ní bhaineann sé ach le cumhdach na bhfionraíochtaí a liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2021/2278 ón gComhairle. Ní dhearnadh measúnú tionchair toisc nach bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh ar an liosta táirgí a thairbheodh d'fhionraí uathrialaitheach na ndleachtanna Comhtharaife Custaim.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra ar chearta bhunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam. Is fiú thart ar EUR 70 747 802 in aghaidh na bliana na dleachtanna custaim neamhbhailithe a chomhfhreagraíonn don fhionraíocht. Is fiú EUR 53 060 852 in aghaidh na bliana an tionchar diúltach ar acmhainní dílse traidisiúnta an bhuiséid (i.e. 75 % den iomlán). Leis an ráiteas airgeadais reachtach, leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an togra.

Is trí bhíthin Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Na bearta atá beartaithe, tá siad á mbainistiú laistigh de chreat Tharaif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh (TARIC) agus tá siad á gcur i bhfeidhm ag riaracháin chustaim na mBallstát.

2022/0380 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2278 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh a áirithiú i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe nach dtáirgtear san Aontas agus, dá bhrí sin, chun aon suaitheadh sa mhargadh le haghaidh na dtáirgí sin a sheachaint, cuireadh ar fionraí, i gcás na dtáirgí sin, le Rialachán (AE) 2021/2278 ón gComhairle[1], na dleachtanna Comhtharaife Custaim den chineál dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Mar thoradh air sin, is féidir na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278 a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta.

(2) Maidir le táirgeadh táirgí áirithe san Aontas nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278, níl an táirgeadh sin leordhóthanach chun riachtanais shonracha na dtionscal úsáideoirí san Aontas a chomhlíonadh. Ós rud é gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach táirgí tionsclaíocha áirithe a áirithiú agus ag féachaint don fhíoras nach ndéantar cainníochtaí leordhóthanacha táirgí comhionanna, coibhéiseacha ná ionadacha a tháirgeadh laistigh den Aontas, is gá fionraí iomlán ar dhleachtanna na Comhtharaife Custaim a dheonú maidir leis na táirgí sin.

(3) D’fhonn táirgeadh comhtháite ceallraí san Aontas a chur chun cinn, ba cheart fionraí páirteach ar dhleachtanna na Comhtharaife Custaim a dheonú i leith táirgí áirithe a bhaineann le táirgeadh ceallraí nach liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann

[1] Rialachán (AE) 2021/2278 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 (IO L 466, 29.12.2021, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

le Rialachán (AE) 2021/2278 agus nach leor táirgeadh an Aontais faoi seach chun ceanglais shonracha na dtionscal úsáideoirí san Aontas a chomhlíonadh. Ba cheart athbhreithniú luath a dhéanamh ar na fionraíochtaí, atá beartaithe an 31 Nollaig 2023, chun éabhlóid ghearrthéarmach na hearnála ceallraí san Aontas a chur san áireamh san athbhreithniú sin.

(4) Chun forbairtí teicniúla na dtáirgí agus treochtaí eacnamaíocha sa mhargadh a chur san áireamh, is gá an tuairisc ar na táirgí agus aicmiú na dtáirgí a leasú i gcás fionraíochtaí dleachta áirithe na Comhtharaife Custaim a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278.

(5) Ní chun leas an Aontais a thuilleadh é fionraíocht dhleachtanna na Comhtharaife Custaim a choinneáil ar bun i gcás táirgí áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278. Chun an t-ualach riaracháin ar údaráis náisiúnta na mBallstát a sheachaint, ní féidir fionraíochtaí taraife a chur san áireamh i gcás ina meastar go bhfuil méid na dleachta custaim nár bailíodh níos lú ná EUR 15 000 in aghaidh na bliana. I dtaca leis na fionraíochtaí i gcás táirgí nach mbaineann an tairseach sin amach, de réir mar a léirítear leis an athbhreithniú sainordaitheach, ba cheart, dá bhrí sin, na fionraíochtaí sin a bhaint as an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278.

(6) Ag an am céanna, tá meath tagtha ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Rúis le blianta beaga anuas, go háirithe mar gheall ar an neamhaird a thug an Rúis ar an dlí idirnáisiúnta agus mar gheall ar a hionradh gan chúis gan údar ar an Úcráin. An 6 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle an t-ochtú pacáiste smachtbhannaí[3] i gcoinne na Rúise mar gheall ar an gcogadh leanúnach ionsaithe i gcoinne na hÚcráine agus na hainghníomhartha tuairiscithe a rinne fórsaí armtha na Rúise san Úcráin.

(7) Cé gur comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála í an Rúis, is féidir leis an Aontas brath ar na heisceachtaí a bhfuil feidhm acu faoin gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus go háirithe Airteagal XXI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994, go háirithe maidir leis an oibleagáid na buntáistí a thugtar do tháirgí comhchosúla arna n-allmhairiú ó thíortha eile (cóir an náisiúin barrfhabhair) a thabhairt do tháirgí a allmhairítear ón Rúis.

(8) I bhfianaise mheath an chaidrimh idir an tAontas agus an Rúis, chun comhleanúnachas le gníomhaíochtaí agus prionsabail an Aontais i réimse ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú, ní bheadh sé iomchuí, dá bhrí sin, ligean do tháirgí de thionscnamh na Rúise cóir an náisiúin barrfhabhair atá saor ó dhleacht a theachtadh maidir leis na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, is gá deireadh a chur leis an bhfionraí ar dhleachtanna na Comhtharaife Custaim i gcás na dtáirgí sin.

(9) Tá meath tagtha ar an staid idir an tAontas agus an Bhealarúis le blianta beaga anuas, mar gheall ar neamhaird réimeas na Bealarúise ar an dlí idirnáisiúnta, ar chearta bunúsacha agus ar chearta an duine. Ina theannta sin, tá tacaíocht mhór tugtha ag an mBealarúis d'ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine ón bhfíorthús.

---

[3] Rialachán (AE) 2022/1903 ón gComhairle (IO 259 I, lch. 3)
Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle (IO 259 I, lch. 3)
Rialachán (AE) 2022/1905 ón gComhairle (IO 259 I, lch. 76)
Rialachán (AE) 2022/1906 ón gComhairle (IO 259 I, lch. 79)

(10) Ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 i leith, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas ar an mBealarúis maidir le sáruithe leanúnacha ar chearta an duine, maidir le himircigh a ionstraimiú agus maidir le rannpháirtíocht na Bealarúise in ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ós rud é nach ball den Eagraíocht Dhomhanda Trádála í an Bhealarúis, níl sé d'oibleagáid ar an Aontas, de bhua an Chomhaontaithe lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, cóir an náisiúin barrfhabhair a thabhairt do tháirgí ón mBealarúis. Ina theannta sin, ceadaítear sna comhaontuithe trádála gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh a bhfuil údar leo ar bhonn clásail eisceachta is infheidhme, go háirithe eisceachtaí slándála.

(11) I bhfianaise mheath an chaidrimh idir an tAontas agus an Bhealarúis, chun comhleanúnachas le gníomhaíochtaí agus prionsabail an Aontais i réimse ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú, ní bheadh sé iomchuí, dá bhrí sin, ligean do tháirgí de thionscnamh na Bealarúise cóir shaor ó dhleacht agus cóir an náisiúin barrfhabhair a theachtadh maidir leis na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

(12) Mar sin féin, chun soláthar iomchuí a áirithiú agus suaitheadh tromchúiseach a sheachaint i roinnt margaí den Aontas, is gá fionraí dhleachtanna na Comhtharaife Custaim a choinneáil i gcás táirgí áirithe de thionscnamh na Bealarúise a thagann faoi chód TARIC 2926 90 70 24, agus táirgí áirithe, de thionscnamh na Rúise, a thagann faoi chóid TARIC 7608 20 89 30 agus 8401 30 00 20. I gcás an dara grúpa táirgí sin faoi Chonradh EURATOM, tá oibleagáid ann a áirithiú go bhfaighidh gach úsáideoir san Aontas soláthar rialta cothrom de bhreosla núicléach. B'ionann na táirgí sin ón dá thír sin agus níos mó ná 50 % de luach iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas sna blianta 2019 go 2021 gan soláthróirí malartacha ar bith nó soláthraithe malartacha teoranta ó thríú tíortha eile. Thabharfadh luach na n-allmhairí sin le fios go bhfuil oibreoirí tionscail an Aontais ag brath cuid mhór ar na hallmhairí sin agus go mbeadh cruatan díréireach ag na hoibreoirí sin dá gcuirfí deireadh leis an bhfionraí ar dhleachtanna na Comhtharaife Custaim.

(13) Dá bhrí sin, i bhfianaise an chomhthéacs thuas, is iomchuí agus is ceadmhach deireadh a chur leis an bhfionraíocht ar dhleachtanna na Comhtharaife Custaim ar tháirgí áirithe de thionscnamh na Bealarúise agus na Rúise, agus na Rialacha Ginearálta maidir le dleachtanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[4], agus go háirithe Cuid a hAon, Roinn I, Cuid B, pointe 1, de á gcur i bhfeidhm.

(14) Ós rud é gur eisceacht é deonú na bhfionraíochtaí taraife uathrialaitheacha ar chur i bhfeidhm na ndleachtanna comhtharaife custaim, is ionann ath-thabhairt isteach na ndleachtanna comhtharaife custaim sin ar allmhairí de thionscnamh na Bealarúise agus na Rúise agus filleadh ar ghnáthstaid cúrsaí (féach pointí 2.1.2 agus 2.2.1 den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí agus cuótaí taraife uathrialaitheacha). Dá bhrí sin, ní beart sriantach ná toirmeascach é deireadh teoranta a chur leis an bhfionraíocht ar dhleachtanna na Comhtharaife Custaim ar tháirgí áirithe de thionscnamh na Bealarúise agus na Rúise, ach is é is cuspóir dó cosc a chur ar na tíortha sin tairbhe indíreach a bhaint as beart aontaobhach de chuid an Aontais agus comhleanúnachas foriomlán ghníomhaíochtaí an Aontais a áirithiú.

[4] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/2278 a leasú dá réir.

(16) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na bhfionraíochtaí taraife uathrialaitheacha agus chun na treoirlínte a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart na hathruithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo maidir le fionraíochtaí taraife i leith na dtáirgí lena mbaineann a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/2278 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní bheidh feidhm ag fionraí dhleachtanna na Comhtharaife Custaim a leagtar síos i mír 1 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) aon mheascán, ullmhóid nó táirge atá comhdhéanta de chomhpháirteanna éagsúla ina bhfuil na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn;

(b) táirgí de thionscnamh na Bealarúise, seachas [táirgí a thagann faoi] cód TARIC 2926 90 70 24;

(c) táirgí de thionscnamh na Rúise, seachas [táirgí a thagann faoi] chóid TARIC 7608 20 89 30 agus 8401 30 00 20.”

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. AINM AN TOGRA:

Togra lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2278 ón gComhairle lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2) pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe

### 2. LÍNTE BUISÉID:

Caibidil agus Airteagal: Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana 2023: 21 590 300 000

### 3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag Togra X seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam – is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)

| Líne bhuiséid | Ioncam | Tréimhse 12 mhí dar tús ll/mm/bbbb | [Bliain: 2023] |
|---|---|---|---|
| Airteagal 120 | *Tionchar ar acmhainní dílse* | 01/01/2023 | -53 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| | [2023 – 2027] |
| Airteagal 120 | - 53 milliún EUR/ bliain |

Tá 96 tháirge nua san Iarscríbhinn. Na dleachtanna neamhcháilithe a chomhfhreagraíonn do na fionraíochtaí sin, arna ríomh ar bhonn réamh-mheastacháin an Bhallstáit tarrthaigh le haghaidh na tréimhse 2023 go dtí 2027, is fiú EUR 52 238 757 in aghaidh na bliana iad.

Ar bhonn na staitisticí atá ann cheana i ndáil leis na blianta roimhe sin, is dealraitheach, áfach, gur gá an méid sin a mhéadú faoi mheán fhachtóir, ar meánfhachtóir é a mheastar a bheith ag 1,8 chun allmhairí a thagann isteach go Ballstáit eile a bhfuil na fionraíochtaí céanna in úsáid acu a chur san áireamh. Fágann sé sin go mbeidh dleachtanna neamhcháilithe ar fiú thart ar EUR 94 029 763 in aghaidh na bliana iad.

Aistarraingíodh siar 124 tháirge ón Iarscríbhinn seo, rud a rinneadh mar gur tugadh isteach dleachtanna custaim athuair. Méadú EUR 23 281 961 in aghaidh na bliana ar an méid dleachtanna a bhailítear atá ann sin, mar a measadh ar bhonn staidreamh 2021.

Ar bhonn an mhéid atá thuas, meastar gurb é 94 029 763 – 23 281 961 = EUR 70 747 802 (an t-ollmhéid, lena n-áirítear costais bhailiúcháin) x 0,75 = EUR 53 060 852 in aghaidh na bliana an tionchar a bheidh ar an gcaillteanas ioncaim le haghaidh bhuiséad an Aontais a eascróidh as an Rialachán seo.

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Déanfar seiceálacha ar úsáid deiridh roinnt de na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit aon rialú custaim a mheasann siad a bheith iomchuí de réir a gcuid bainistíochta riosca a dhéanamh, dá bhforáiltear le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.